

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 18

OBAIR LEANTACH / ATHCHÓIRIÚ AGUS ATÓGÁIL

I ndiaidh eachtra d'iompar dúshlánach, tá sé an-tábhachtach am a chur ar leataobh chun suí síos leis an dalta agus an méid a tharla a phlé. Is minic a bhíonn an obair leantach sin ar an gcuid is deacra den obair a dhéantar le daltaí, ach is dócha go bhfuil sé ar an gcuid is tábhachtaí den obair iomlán. Dá bharr, bíonn ar an dalta smaoineamh:

- ☒ Ar an tionchar a bhí ag a (h)iompar ar dhaoine eile: cad a tharla do dhaoine eile mar gheall ar an iompar?
- ☒ Ar an tionchar a bhí ag a (h)iompar air/uirthi féin: cad a tharla dom féin mar gheall ar an iompar?
- ☒ Ar na mothúcháin a bhí aige/ aici ag an am agus an nasc idir iad agus an t-iompar / gníomh
- ☒ Nó, ar bhealaí níos oiriúnaí chun déileáil leis na mothúcháin a spreag an t-iompar.

Conas a dhéanfaimid 'athchóiriú agus atógáil'? Tá teicníc ar leith mínithe i dTreoirbhileog 24: "an tAgallamh Saoil-Spáis" an t-ainm atá ar an teicníc sin. Seo teicnící eile thíos chun labhairt le daltaí 'i ndiaidh eachtra':

Teicníc Ceithre Cheist

Is cur chuige leantach / 'athchóirithe agus atógála' simplí é seo a chuireann na ceithre cheist seo ar an dalta.

1. Cad a rinne tú?
2. Cad a tharla nuair a rinne tú é?
3. Cad eile a d'fhéadfá a dhéanamh ar bhealach difriúil?
4. Cad a tharlódh dá n-iomprófá tú féin ar bhealach difriúil?

Trí iarraidh ar an dalta gach ceist a fhreagairt tá freagracht ar an dalta roghanna eile a aimsiú. Táimid ag aithint na mothúcháin ach táimid ag déanamh iniúchadh ar bhealaí éagsúla cur chuige. Is anseo a caithfimid scileanna nua/scileanna sóisialta a mhúineadh (féach Treoirbhileog 35).

Aithris ar an Iompar, Machnamh ar an Iompar, agus Iompar Nua

Sa chéad chéim úsáidfidimid an teicníc 'feicimid agus insímid': déanfaimid cur síos ar iompar an dalta díreach mar a chonaiceamar é tríd aithris a dhéanamh air. Sa chás sin beidh deis againn taispeáint don dalta an rud a chonaiceamar agus comhaontú a fháil uaidh/uaithi. Sa dara céim, iarrfaimid ar an dalta smaoineamh ar na rudaí atá do-ghlactha maidir leis an iompar seo agus cén fáth. "Cén fáth a bhfuilim míshásta faoi sin?" "Cad é rial an ranga / na scoile maidir le ...?" Sa tríú céim déanfaimid iniúchadh in éineacht leis an dalta ar bhealaí eile iompair a chloífidh le rialacha an ranga / na scoile agus b'fhéidir cleachtadh / aithris a dhéanamh ar conas a d'oibreodh a leithéid de shampla.

Treoirlínte ginearálta faoi obair leantach / athchóiriú agus atógáil

- Déan an obair nuair a bheidh an dalta réidh – ar a s(h)uaimhneas agus in ann éisteacht / freagairt
- Díriú ar an gcéad iompar, ní ar iompraíochtaí eile ná ar phearsantacht an dalta
- Bí dearfach faoi iompar amach anseo in ionad a bheith ag díriú ar an drochrogha a rinneadh sa chás seo
- Tar ar na daltaí agus dea-iompar ar siúl acu agus tabhair moladh dóibh chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin
- Tabhair am don dalta le 'teacht ar ais' nó 'suaimhniú' - b'fhéidir go mbeidh sé/sí fós trína chéile
- Déan iarracht dea-chaidrimh a fhorbairt leis an dalta (féach Treoirbhileog 8)
- Smaoinigh go dearfach ar an dalta agus ar ár gcumas chun é / í a mhúineadh chun é/í féin a iompar go cuí.